Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2011**

# Staidéar Gnó

## Aonad Measúnaithe A2 1

*ag measúnú*

## Cinnteoireacht Gnó

**[AT211]**

AT211

**DÉ LUAIN 16 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **5** agus i gceist **6**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist a chur san áireamh.

Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Software Solutionz**

Is innealtóirí comhairleacha ar bhogearraí iad Séamas agus Tarlach araon agus chuir siad comhpháirtíocht gnó ar bun cúig bliana ó shin le pacáistí dearaidh bogearraí agus tacaíocht theicniúil a sholáthar d'eagraíochtaí i dTuaisceart Éireann. I láthair na huaire tá Software Solutionz lonnaithe i bhfoirgneamh ar cíos atá suite ar thalamh ar le hathair Shéamais é, agus tá ochtar fostaithe acu.

Tá forbairt fhoisteanach faoin ghnólacht agus is léir ó na réamh-mheastacháin díolachán gur féidir go mairfidh an fhorbairt seo sna blianta amach romhainn. Is é seo a leanas an ráiteas misin atá acu: "Táimid bródúil as bheith ina heagraíocht nuálach agus déanaimid ár seacht ndícheall le freastal ar na hionchais is airde atá ag ár gcustaiméirí." Tá cáil ar Software Solutionz anois as ardchaighdeán agus as praghsanna iomaíocha, agus in 2008 ghnóthaigh siad a gcéad duais cáilíochta. Fuair an gnólacht conradh ar na mallaibh le pacáistí dearaidh bogearraí agus tacaíocht a sholáthar d'fho-bhrainse den phríomhchustaiméir acu atá suite in Manchain. Léiríonn an chéim thábhachtach seo go bhfuil bealach isteach i margadh mór an RA ag an ghnólacht anois agus go mbeidh deiseanna eile ann leis an sciar den mhargadh a mhéadú.

Mar gheall ar na himeachtaí seo, ba léir do Shéamas agus Tarlach go mbeadh orthu athruithe a chur i bhfeidhm ar an ghnólacht le dul i ngleic leis an dúshlán nua seo. I ndiaidh do na comhpháirtithe plé dáiríre a dhéanamh ar an chás, d'aontaigh siad nach raibh ach an t-aon bhealach amháin chun tosaigh ann, sé sin an gnólacht a leathadh.

Cuireadh na roghanna seo a leanas le chéile lena scrúdú:

**Rogha 1** Síneadh a chur leis an suíomh ina bhfuil siad faoi láthair ar chostas £50 000
**Rogha 2** Leis an táirgeacht a mhéadú, infheistíocht a dhéanamh i bhfearas nua deartha ar chostas £90 000
**Rogha 3** An gnólacht a aistriú go dtí aonad saintógtha sa pháirc gnó ar chostas £80 000


Rinne na comhpháirtithe meastachán go bhfuil seans 0.7 ann go bhfanfaidh an t-éileamh ard, agus gurb é 0.3 an meastachán go mbeidh an t-éileamh íseal. Tá achoimre ar na haisíocaí ionchais in **Tábla 1** anseo thíos:

**Tábla 1**

| Rogha | Éileamh Ard | Éileamh Íseal |
|---|---|---|
| 1 | £200 000 | £20 000 |
| 2 | £150 000 | £60 000 |
| 3 | £300 000 | £50 000 |

Tugann an crann cinnteoireachta seo a leanas (**Fíor 1**) achoimre ar an fhaisnéis uilig thuas:

**Fíor 1: Crann Cinnteoireachta**




Chomh maith leis sin, agus leis an síneadh a mhaoiniú, molann Séamas go díscaoilfidh siad an chomhpháirtíocht agus go gcuirfidh siad comhlacht príobháideach teoranta ar bun. Síleann sé go meallfaidh siad infheistíocht ó dhaoine eile sa teaghlach más féidir leo dliteanas teoranta a fháil agus go laghdófar, mar sin, ar an airgead a bheidh orthu a fháil ar iasacht ón bhanc. Déanann Séamas meastachán chomh maith go dtiocfadh leo £100 000 a fháil i ngnáthscaireanna (100 000 scair ar £1 an ceann) ón teaghlach, agus go bhféadfadh siad £10 000 a thuilleamh sa chéad bhliain orthu seo. Níl Tarlach chomh cinnte céanna agus cuireann sé cuid de na míbhuntáistí in iúl, ar a n-áirítear an ceannas a chailleadh agus an ceanglas dlíthiúil atá ann maidir le cuntais bhliantúla. Molann Séamas go nglacfaidh siad am le plean gnó a chur le chéile sula ndéanfaidh siad an cinneadh deiridh.

Caithfidh iarrthóirí na ceisteanna **uilig** a fhreagairt.

**1** Agus tagairt á déanamh agat don léaráid de chrann cinnteoireachta (**Fíor 1**):

**(a)** Ríomh an dá luach atá ar iarraidh ón chrann cinnteoireachta. [2]

**(b)** Mínigh cad é an rogha is fearr do Software Solutionz. [2]

**2** Agus **dhá** ghné ar bith d'anailís LLDB (SWOT) in úsáid agat, déan anailís ar cad é mar atá cúrsaí in Software Solutionz faoi láthair. [7]

**3** Meas a úsáidí atá ráiteas misin d'eagraíocht amhail Software Solutionz. [15]

**4** Meas na buntáistí agus na míbhuntáistí atá ann d'eagraíocht amhail Software Solutionz as anailís chóimheasa a úsáid lena fháil amach cad é mar atá ag éirí léi. [15]

**5** Meas cad é mar a bheadh Plean Gnó ina chuidiú ag Séamas maidir leis an mholadh atá aige don ghnólacht san am atá le teacht. [19]

**6** Meas a éifeachtaí atá crann cinnteoireachta mar uirlis le cinntí a dhéanamh i ngnólacht amhail Software Solutionz. [20]

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.